# Comhordaitheoir Rannóige Sceidil Ilardáin

## Conradh Buan

De bharr athrú ar struchtúr na foirne is mian le TG4 Comhordaitheoir Rannóige Sceidil Ilardáin a earcú a bheidh lonnaithe sa gCeannáras i nGaeltacht na Gaillimhe. Ag freagairt don Bhainisteoir Sceidil, beidh an Comhordaitheoir Rannóige Sceidil Ilardáin i gceannas ar shruthanna oibre agus ar uainchláir oibre agus saoirí a chomhordú.

Fostóir comhdheiseanna é TG4 agus déantar iarratais incháilithe a mheas gan beann ar inscne, gnéaschlaonadh, aois, taithí shóisialta, cine agus eitneacht, éagumas, stádas sibhialta an teaghlaigh, creideamh ná ballraíocht den Lucht Siúil. Tá meon dearfach ag TG4 i leith na hÉagsúlachta. Fáilteoidh muid roimh iarratais ó dhaoine a bhfuil cúlraí éagsúla acu. Tacaíonn TG4 le daoine faoi mhíchumas a fhostú.

**Ról Nua**

Beidh an té a cheapfar freagrach as ceannasaíocht a ghlacadh ar chomhordú a dhéanamh ar chlár na Rannóige Sceidil Ilardáin. I measc na gcúraimí a bheidh i gceist, beidh:

- Sceidil Ilardáin a chur le chéile & iad a chur i bhfeidhm
- Comhordú a dhéanamh ar chlár oibre na gComhordaitheoirí Sceidil
- Clúdach saoire/tinnis srl a chomhordú sa rannóg. Ionadaíocht a dhéanamh ar bhaill na rannóige agus ar an mBainisteoir de réir mar a oireann, clúdach saoire, oiliúna srl.
- Comhordú a dhéanamh ar an obair fotheidealaithe
- Craoltaí Spóirt/beochraoltaí ar ócáidí beo a shocrú agus a bheith ina phointe teagmhála idir comhlachtaí léiriúcháin & láithreachais/ionchur/sceidil
- Sceidil fógraíochta a chomhordú
- Urraíocht sa sceideal líneach a chomhordú
- Pleanáil & forbairt sceidil nua a dhéanamh i gcomhar leis an mBainisteoir Sceidil Ilardáin, Foirne na gClár, Margaíochta & Oibríochtaí
- Sceidil teilifíse - sceideal & billings a chomhordú
- Feidhmiú ina theagmhálaí maidir le sceideal TG4
- Déileáil le páirtithe leasmhara seachtracha thar ceann rannóg sceidil TG4 – léiritheoirí, eagrais, Post TV srl
- Tacaíocht a thabhairt don Bainisteoir Sceidil Ilardáin maidir le dualgais rochtana agus comhlíonta TG4 d'Údarás Craolacháin na hÉireann

**Nithe atá riachtanach don phost seo:**

A bheith tiomanta Fís, Misean agus Straitéis TG4 a chur i bhfeidhm.

A bheith ábalta feidhmiú go muiníneach, éifeachtach as do stuaim féin i dtimpeallacht spreagúil.

Fócas dearfach, cumas a bheith ag obair mar bhall d'fhoireann agus taithí chruthaithe ar fhoireann bheag a chomhordú.

Taithí mhaith ar chúrsaí riaracháin agus ríomhaireachta (Excel, MS Office) agus ábalta córais nua a fhoghlaim go tapa. Eolas ar chórais TG4 (What'sOn, Mediator) ina bhuntáiste, ach cuirfear traenáil ar fáil.

A bheith ábalta spriocanna oibre a chomhlíonadh agus a chinntiú go mbeidh ábhar, a bheidh ar ardchaighdeán, réidh agus ar fáil in am.

Is í an Ghaeilge teanga oibre TG4 agus mar sin tá sé riachtanach go mbeadh Gaeilge den scoth ag an té a cheapfar, idir labhairt agus scríobh na teanga.

Is é 4pm Dé Máirt an 1ú Feabhra an spriocdháta d'iarratais. Seol d'iarratas mar aon le litir iarratais chuig cv@tg4.ie.